

POLASAÍ IONTRÁLA

GAELCHOLÁISTE REACHRANN

2019 – 2020 ¹

Ghlacadh leis an Polasaí seo ag an mBord Bainistíochta ar an 10/10/17.

¹ Tá leagan Béarla den Pholasaí seo ar fáil. Má tá aon difríocht idir an leagan Gaeilge agus leagan Béarla den pholasaí seo, tabharfar tosaíocht don leagan Gaeilge.

Réamhrá

Is Meánscoil Lán-Ghaeilge í Gaelcholáiste Reachrann faoin choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Bunaíodh Gaelcholáiste Reachrann sa bhliain 2001 chun freastal ar an éileamh atá ar oideachas iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge in Oirthuaisceart Baile Átha Cliath.

Tá an scoil lonnaithe ar Bhóthar Mhainistir na Gráinsí ar suíomh roinnte le Pobal Choláiste na Gráinsí. Táthar ag súil go mór le bogadh isteach sa foirgneamh nua ar an suíomh céanna i 2018/2019. Faoi láthair tá 380 scoláire sa scoil agus an scoil ag fás agus ag forbairt bliain i ndiaidh bliana.

Ráiteas Físe.

Solas an Léinn

Is pobal foghlama é Gaelcholáiste Reachrann a bhíonn ar thóir ardchaighdeáin oideachais trí Ghaeilge a bhaint amach i gcomhthéacs a chothaíonn féin-mhuinín agus comh-mheas. Tugtar faoi dhúshlán an oideachais ar bhonn tacúil a spreagann buanna uile na ndaltaí.

I nGaelcholáiste Reachrann cothaítear mórtas as an bhféiniúlacht Éireannach idir spórt agus ceol agus eile mar aon le meas ar an teanga féin agus ar ilghnéitheacht an chultúir thraidisiúnta. Aithnítear dínit agus ról an uile duine i gcomhthéacs agus i gcomhpháirtíocht oideachasúil.

Tugtar aird ar an spioradáltacht, ar scileanna idirphearsanta agus ar chumarsáid in atmaisféar dearfach, oscailte. Spreagtar misneach agus léirítear bród i ngníomhaíochtaí uile na scoile.

1. Scóip an polasaí

Tá an polasaí seo dírithe ar áiteanna a chur ar fáil do dhaltaí a dhéanann iarratas ar Ghaelcholáiste Reachrann, faoi na cúinsí seo a leanas:

- Daltaí a chuireann iarratas isteach ar áit i mBliain 1.
- Daltaí a chuireann iarratas isteach ar áit i mbliain ar bith eile.

2 Aidhm an Polasaí

Is í aidhm an pholasaí ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí ann ionas gur féidir le Gaelcholáiste Reachrann:

- Cinneadh oscailte, trédhearcach a dhéanamh maidir le gach iarratas.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an choláiste freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí, bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil don choláiste.

3 Creat Dlíthiúil

3.1 Géilleann an polasaí seo do na ranna cuí de na hachtanna seo a leanas:

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht Leasa Oideachais (2000)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta (2004)

3.2 Feidhmíonn Gaelcholáiste Reachrann ag úsáid na hacmhainní airgeadais agus teagaisc a chuireann An Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil, a chuireann tuismitheoirí/ caomhnóirí ar fáil trí shíntiúis dheonacha agus a bhailítear trí ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Braitheann na pleananna agus na polasaithe a chuireann an coláiste i bhfeidhm ar na hacmhainní agus ar an maoiniú atá ar fáil agus ar na cláir churaclaim a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna síos.

3.3 Daltaí le Riachtanais Speisialta

3.3.1 Fáiltítear roimh dhaltaí le riachtanais speisialta i nGaelcholáiste Reachrann. Nuair a chuireann dalta le riachtanais speisialta iarratas isteach ar áit i nGaelcholáiste Reachrann, lorgóidh an Coláiste tuairisc leighis / síceolaíochta atá suas chun dáta agus cóip de phlean oideachais aonair an dalta más ann dó/dí.

3.3.2 Déanfaidh Gaelcholáiste Reachrann gach iarracht riachtanais an scoláire a shásamh, ag cur san áireamh na hacmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil sa Choláiste.

- 3.3.3 Leis an eolas ábhartha seo a bhailiú, déanfaidh an scoil measúnú ar cén chaoi ar fearr freastal ar riachtanais oideachais an dalta. Buailfidh an scoil leis na tuismitheoirí chun riachtanais an dalta a phlé chomh maith le oiriúnacht nó cumas na scoile freastal ar na riachtanais chéanna.

4 Cosaint Sonraí

Tá sonraí ar bith a chuirtear ar fáil do Ghaelcholáiste Reachrann maidir le hiarratas ar iontráil faoi chosaint ag an Acht um Chosaint Sonraí (1988) agus ag an Acht um Chosaint Sonraí (Leasaithe) (2003).

Nósanna Imeachta maidir le Rollú

5 Nósanna Imeachta maidir le hiontráil go Bliain 1

5.1 Iarratais

- 5.1.1 Tá fáil ar fhoirmeacha iarratais ó oifig an choláiste agus caithfear iad a chomhlíonadh go críochnúil.
- 5.1.2 Tá fáil ar fhoirmeacha iarratais ‘Déanaíocht Bhinn Éadair’ do na daltaí atá i Rang 6 agus atá ag freastal ar bhunscoileanna i nDéanaíocht Bhinn Éadair (i.e. Scoil Neasáin agus Gaelscoil Míde) sa bhunscoil chuí agus caithfear iad a chomhlíonadh go críochnúil.
- 5.1.3 Is ar fhoirm iarratais oifigiúil an Choláiste nó ar fhoirm iarratais oifigiúil ‘Déanaíocht Bhinn Éadair’ amháin a ghlacfar le hiarratais. Ní ghlacfar le foirm ar faics nó ar ríomhphost
- 5.1.4 Glacfar le foirmeacha iarratais don scoilbhliain 2019/2020, go dtí **5:00 i.n.** ar an **Aoine 28 Meán Fómhair, 2018**, gan foirmeacha iarratais Déanaíocht Bhinn Éadair san áireamh.
- 5.1.5 Is faoin dtuismitheoir / gcaomhnóir atá sé a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go cruinn aige / aici.
- 5.1.6 Coimeádfar iarratais dhéanacha ar chomhad agus ní mheáfar iad go dtí go mbeidh na hiarratais a rinneadh in am meáite.

Tosaíochtaí maidir le catagóir don Rollú

- 5.2.1 Socróidh an Bord Bainistíochta líon na n-áiteanna a bheidh ar fáil i mbliain 1, ó bhliain go bliain, ag brath ar líon na scoláirí atá sa choláiste cheana féin agus ar acmhainne.
- 5.2.2 Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar rollú gach bliain.
- 5.2.3 Cuirfear áiteanna ar fáil do dhaltaí de réir na dtosaíochtaí (catagóir) seo a leanas:
1. Dalta a bhfuil deartháir nó deirfiúr aige/aici atá ag freastal ar Ghaelcholáiste Reachrann faoi láthair.
 2. Daltaí atá ag freastal ar na Gaelscoileanna seo a leanas (gan aon ord tosaíochta):
 - Gaelscoil Míde
 - Scoil Neasáin
 - Gaelscoil Bhrian Boróimhe
 - Gaelscoil Cholmcille
 - Scoil an Duinnínigh
 3. Daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge eile.
 4. Daltaí ó bhunscoileanna eile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus atá i nDéanaíocht Bhinn Éadair.
 5. Daltaí ó bhunscoileanna eile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
 6. Daltaí ó bhunscoileanna eile.
- 5.2.4 I gcás líon na n-áiteanna atá ar fáil a bheith sáraithe laistigh de cheann ar bith de na tosaíochta seo, rithfear crannchur randamach.
- 5.2.5 I gcás daltaí ó bhunscoileanna Bhéarla ní mór don dalta agallamh a dhéanamh leis an bPríomhoide agus le ionadaí ón mBord Bainistíochta chun a gcumas sa Ghaeilge a mheas tar éis dó/di tairiscint a fháil. Is chun a chinntiú go mbeidh sé ar chumas an dalta tabhairt faoin gcuraclaim trí mheáin na Gaeilge a dhéantar é seo. Is ag an bPríomhoide a bheidh an focal scoir maidir leis an gcinneadh seo.
- 5.2.6 Ní mór do dhalta Rang 6 a bheith críochnaithe acu sula dtosaíonn siad i mbliain a 1.

5.3 Tairiscintí

- 5.3.1 Cuirfear tairiscint i scríbhinn chuig an tuismitheoir/gcaomhnóir go luath i Mí na Samhna, thar ceann an Bord Bainistíochta.
- 5.3.2 Iarrfar ar an tuismitheoir / gcaomhnóir glacadh leis an tairiscint seo i scríbhinn laistigh den spriocdháta atá leagtha síos ar an litir.
- 5.3.3 Tá sé de cheart ag an Bord Bainistíochta an tairiscint d'áit sa scoil a aistarraingt

5.4 Clárú

- 5.4.1 Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí / chaomhnóirí na ndaltaí a bhfuil tairiscint ar áit i mBliain 1 glactha acu freastal ar chruinniú eolais sa choláiste ina míneofar sainmheoin, polasaithe agus nósanna imeachta an choláiste dóibh.
- 5.4.2 Éileofar ar thuismitheoirí / chaomhnóirí foirmeacha eolais bhreise faoin dalta a líonadh.
- 5.4.3 Éileofar ar an tuismitheoir / gcaomhnóir comhoibriú leis an gcoláiste maidir le riachtanais speisialta oideachasúla nó eile an dalta a aithint i dtreo agus gur féidir socrúithe cuí a dhéanamh ina leith.
- 5.4.4 Cuirfear cóip de Chód Iompair agus Riail na Gaeilge i nGaelcholáiste Reachrann ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Ní chlárófar dalta ar bith sa scoil gan an cód seo á ghlacadh aige agus ag a thuismitheoirí agus síniú dá réir. Tá na doiciméid seo ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile ag www.gcreachrann.ie.
- 5.5.5 Éileofar ar dhaltaí freastal ar Measúnú Iontrála.

6. Níosanna Imeachta maidir le hiontráil go bliain ar bith seachas Bliain 1:

6.1 Iarratas

- 6.1.1 Tá fáil ar fhoirm iarratais ó oifig an choláiste caithfear iad a chomhlíonadh go críochnúil.
- 6.1.2 Glacfar le foirmeacha iarratais le linn an scoilbhliain.
- 6.2.3 Is faoin dtuismitheoir / gcaomhnóir atá sé a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go cruinn aige / aici.
- 6.1.4 Caithfear eolas a chur ar fáil maidir le riachtanais oideachasúla speisialta atá ag an iarrthóir.
- 6.1.5 Má theipeann ar an iarrthóir an t-eolas iomlán agus cuí a chur ar fáil, d'fhéadfaí diúltú don iarratas.

6.2 Critéir Chláraithe

- 6.2.1 Ní mór don iarrthóir Teastas Breithe a chur ar fáil.
- 6.2.2 Ní chlárófar dalta sa choláiste ach amháin má tá fáil ar áit sa bhliain ghrúpa ar a bhfuil an iarratas déanta acu chomh maith le háiteanna sna hábhair roghnacha chuí.
- 6.2.3 Iarrfar ar iarrthóirí sonraí maidir lena gcuid oideachais iar-bhunscolaíochta go dtí seo a chur ar fáil chomh maith le cóipeanna den dá thuairisc scoile is déanaí agus torthaí scrúduithe stáit ar bith. Déanfar teagmháil le Príomhoide na scoile as a bhfuil an dalta ag aistriú.
- 6.2.4 Cuirfear agallamh ar gach iarrthóir maidir lena gcumas sa Ghaeilge a mheas. Sa chás nach mbraitear go bhfuil an cumas cuí sa Ghaeilge ag an dalta, diúltófar áit dó/dí. Is ag an mBord Bainistíochta i gcomhairle leis an bPríomhoide a bheidh an focal scoir maidir leis an gcinneadh seo.
- 6.2.5 Cuirfear cóip de Chód Iompair agus Riail na Gaeilge i nGaelcholáiste Reachrann ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Ní chlárófar dalta ar bith sa scoil gan an cód seo á ghlacadh aige agus ag a thuismitheoir / chaomhnóir agus síniú dá réir.
- 6.2.6 Caithfidh an Bord Bainistíochta a bheith sásta go luíonn an t-aistriú go Gaelcholáiste Reachrann le leas an dalta agus le leas an Choláiste. Tá ceart diúltaithe cláraithe dalta ag an mBord Bainistíochta.
- 6.2.7 Caithfidh an dalta na coinníollacha atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh.

7. Achomharc

- 7.1 Má dhiúltaíonn an coláiste glacadh le iarratas chláraí, cuirfear é seo in iúl do thuismitheoirí / chaomhnóirí i scríbhinn agus na cúiseanna leis an diúltú seo.
- 7.2 Cuirfear in iúl do na thuismitheoirí / caomhnóirí freisin go bhfuil an ceart acu achomharc a dhéanamh ach an próiseas seo a leanúint:
1. An achomharc a chur i scríbhinn chuig an **Bord Bainistíochta** maidir leis an gcinneadh seo laistigh de thréimhse deich lá ón am a chuirtear an cinneadh in iúl dóibh.
 2. An achomharc a chur i scríbhinn chuig **Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire** maidir leis an gcinneadh seo laistigh de thréimhse ceithre lá déag ón am atá 1 thuas ídithe.

- 3. An achomharc a chur i scríbhinn chuig **An Roinn Oideachais agus Scileanna.****

8. Athbhreithniú

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Polasaí seo ar an 24 Eanáir, 2017, agus beidh sé i bhfeidhm ón dáta seo amach.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí Iontrála seo.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar na dátaí seo a leanas:

- 1. 10 Deireadh Fómhair, 2017.**